C/2025/3947

18.7.2025

CINNEADH ÓN gCOIMISIÚN

an 16 Iúil 2025

maidir le formheas na dtreoirlínte i ndáil le dúnadh chláir forbartha tuaithe na mBallstát arna nglacadh ar mhaithe le cúnamh ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) le haghaidh na tréimhse 2014-2022

(C/2025/3947)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Na cláir forbartha tuaithe de chuid na mBallstát arna bhformheas ar mhaithe le cúnamh a fháil ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) le haghaidh chlárthréimhse 2014-2020, glacadh iad faoi Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) agus cuireadh síneadh leo go dtí an 31 Nollaig 2022 le Rialachán (AE) 2020/2220 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]).

(2) Agus an tábhacht a bhaineann le dúnadh tráthúil agus éifeachtúil na gclár forbartha tuaithe sin i gcomhréir, go háirithe, le Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013, Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 907/2014 ón gCoimisiún ([5]) agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 908/2014 ón gCoimisiún ([6]) á cur san áireamh, is gá treoir chuí a thabhairt maidir le dúnadh na gclár sin.

(3) Le dúnadh na gclár forbartha tuaithe 2014-2022 de chuid na mBallstát bainfear leas as an taithí a fuarthas ó dhúnadh chlárthréimhse na forbartha tuaithe 2007-2013 agus ba cheart leis an dúnadh céanna nósanna imeachta simplithe a mholadh arb é is aidhm dóibh cur leis na dea-chleachtais a sainaithníodh le linn dhúnadh na tréimhse roimhe seo.

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 (IO L 347, 20.12.2013, lch. 487, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1305/oj).

([2]) Rialachán (AE) 2020/2220 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Nollaig 2020 lena leagtar síos forálacha idirthréimhseacha áirithe le haghaidh tacaíocht ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus ón gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) sna blianta 2021 agus 2022 agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013, (AE) Uimh. 1306/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 a mhéid a bhaineann le hacmhainní agus cur i bhfeidhm sna blianta 2021 agus 2022 agus Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a mhéid a bhaineann le hacmhainní agus le leithdháileadh tacaíocht den sórt sin i leith na mblianta 2021 agus 2022 (IO L 437, 28.12.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/2220/oj).

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe, leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 320, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1303/oj).

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 352/78, (CE) Uimh. 165/94, (CE) Uimh. 2799/98, (CE) Uimh. 814/2000, (CE) Uimh. 1290/2005 agus (CE) Uimh. 485/2008 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 549, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1306/oj).

([5]) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 907/2014 ón gCoimisiún an 11 Márta 2014 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le gníomhaireachtaí íocaíochta agus comhlachtaí eile, bainistíocht airgeadais, imréiteach cuntas, urrúis agus úsáid an euro (IO L 255, 28.8.2014, lch. 18, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2014/907/oj).

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 908/2014 ón gCoimisiún an 6 Lúnasa 2014 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le gníomhaireachtaí íocaíochta agus comhlachtaí eile, bainistíocht airgeadais, imréiteach cuntas, rialacha maidir le seiceálacha, urrúis agus trédhearcacht (IO L 255, 28.8.2014, lch. 59, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2014/908/oj).

(4) Is é is cuspóir do na treoirlínte an próiseas um dhúnadh a éascú tríd an gcreat modheolaíochta a sholáthar faoinar cheart an cleachtadh um dhúnadh a dhéanamh ar mhaithe le socrú airgeadais i leith ghealltanais bhuiséadacha gan íoc an Aontais tríd an iarmhéid deiridh a íoc, na suimeanna a d'íoc an Coimisiún go míchuí a aisghabháil agus/nó aon ghealltanais nár úsáideadh a shaoradh.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart na treoirlínte a fhormheas,

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

Airteagal Aonair

Na treoirlínte ón gCoimisiún maidir le dúnadh na gclár forbartha tuaithe de chuid na mBallstát arna nglacadh ar mhaithe le cúnamh ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) le linn na tréimhse 2014-2022, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn, formheastar leis seo iad.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Iúil 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
Christophe HANSEN
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN

TREOIRLÍNTE MAIDIR LE DÚNADH NA gCLÁR FORBARTHA TUAITHE 2014-2022

1. **PRIONSABAIL GHINEARÁLTA MAIDIR LE DÚNADH**

Maidir le cláir forbartha tuaithe na mBallstát arna maoiniú leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) le haghaidh chlárthréimhse 2014-2020, glacadh iad faoi Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ([1]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. An tréimhse a leagtar síos in Airteagal 26(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, cuireadh síneadh leis go dtí an 31 Nollaig 2022 le Rialachán (AE) 2020/2220 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]). Dá bhrí sin, tá feidhm ag na treoirlínte seo maidir leis an gclárthréimhse ó 2014 go dtí 2022.

Beidh feidhm ag na Treoirlínte seo maidir le dúnadh na gclár forbartha tuaithe, i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ([3]), Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013, Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ([4]), Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 907/2014 ón gCoimisiún ([5]), Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 908/2014 ón gCoimisiún ([6]), Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 808/2014 ón gCoimisiún ([7]) agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 809/2014 ón gCoimisiún ([8]).

Baineann dúnadh na gclár leis an socrú airgeadais (in EUR) i leith ghealltanais bhuiséadacha an Aontais atá fós le híoc trí aon iarmhéid deiridh a íoc (in EUR) le Ballstát gach cláir forbartha tuaithe nó trí shuimeanna a d'íoc an Coimisiún go míchuí le Ballstát a aisghabháil (in EUR) agus trí aon iarmhéid deiridh a shaoradh (in EUR).

Beidh cearta agus oibleagáidí uile an Choimisiúin agus na mBallstát maidir le tacaíocht airgeadais fós bailí go dtí go ndúnfar na cláir forbartha tuaithe. Maidir le dúnadh cláir forbartha tuaithe, ní dhéanann sé difear do cheart an Choimisiúin tuilleadh ceartuithe airgeadais a ghlacadh nó méideanna a íocadh go míchuí a aisghabháil.

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 487, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1305/oj).

([2]) Rialachán (AE) 2020/2220 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Nollaig 2020 lena leagtar síos forálacha idirthréimhseacha áirithe le haghaidh tacaíocht ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus ón gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) sna blianta 2021 agus 2022 agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013, (AE) Uimh. 1306/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 a mhéid a bhaineann le hacmhainní agus cur i bhfeidhm sna blianta 2021 agus 2022 agus Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a mhéid a bhaineann le hacmhainní agus le leithdháileadh tacaíocht den sórt sin i leith na mblianta 2021 agus 2022 (IO L 437, 28.12.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/2220/oj).

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe, leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 320, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1303/oj).

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 352/78, (CE) Uimh. 165/94, (CE) Uimh. 2799/98, (CE) Uimh. 814/2000, (CE) Uimh. 1290/2005 agus (CE) Uimh. 485/2008 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 549, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1306/oj).

([5]) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 907/2014 ón gCoimisiún an 11 Márta 2014 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le gníomhaireachtaí íocaíochta agus comhlachtaí eile, bainistíocht airgeadais, imréiteach cuntas, urrúis agus úsáid an euro (IO L 255, 28.8.2014, lch. 18, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2014/907/oj).

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 908/2014 ón gCoimisiún an 6 Lúnasa 2014 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le gníomhaireachtaí íocaíochta agus comhlachtaí eile, bainistíocht airgeadais, imréiteach cuntas, rialacha maidir le seiceálacha, urrúis agus trédhearcacht (IO L 255, 28.8.2014, lch. 59, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2014/908/oj).

([7]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 808/2014 ón gCoimisiún an 17 Iúil 2014 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) (IO L 227, 31.7.2014, lch. 18, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2014/808/oj).

([8]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 809/2014 an 17 Iúil 2014 ón gCoimisiún lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an gcóras comhtháite riaracháin agus rialaithe, bearta forbartha tuaithe agus tras-chomhlíonadh (IO L 227, 31.7.2014, lch. 69, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2014/809/oj).

Mar a mhínítear thuas, le Rialachán (AE) 2020/2220 ('an Rialachán Idirthréimhseach') a glacadh in 2020, cuireadh síneadh leis an tréimhse a leagtar síos in Airteagal 26(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 go dtí an 31 Nollaig 2022 (féach Airteagal 1(1) de Rialachán (AE) Uimh. 2020/2220).

Tugadh isteach leis an Rialachán Idirthréimhseach freisin an fhéidearthacht cláir forbartha tuaithe a mhaoiniú le cistiú breise ó Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh (EURI) ([9]) le haghaidh na mblianta 2021 agus 2022 chun aghaidh a thabhairt ar thionchar ghéarchéim COVID-19 agus ar iarmhairtí na géarchéime ar earnáil talmhaíochta an Aontais agus ar cheantair thuaithe an Aontais. Mar sin féin, tá cistí breise EURI faoi réir coinníollacha áirithe agus, dá bhrí sin, b'éigean iad a chlársceidealú ar leithligh agus b'éigean faireachán a dhéanamh orthu ar leithligh ó thacaíocht CETFT le haghaidh na forbartha tuaithe. Cé go ndearnadh iad sin ar leithligh, tá feidhm ag na rialacha a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013, lena n-áirítear na rialacha maidir le leasuithe ar chláir forbartha tuaithe, i Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, lena n-áirítear na rialacha maidir le saoradh uathoibríoch, agus i Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013, mura bhforáiltear a mhalairt sa Rialachán Idirthréimhseach. Dúnfar cuid EURI de chláir forbartha tuaithe 2014-2022 an tráth céanna le cuid CETFT. Na rialacha uile is infheidhme maidir le cistí CETFT, tá feidhm acu freisin maidir le cistí EURI, mura sonraítear a mhalairt.

Mar thoradh ar an Rialachán Idirthréimhseach, cuireadh síneadh 2 bhliain bhreise le cláir forbartha tuaithe 2014-2022 ([10]) (seachas i gcás na Ríochta Aontaithe) trí mhaoiniú breise CETFT agus EURI agus cuireadh síneadh leis an gcur chun feidhme go dtí deireadh 2025 (deireadh na tréimhse incháilitheachta le haghaidh cláir forbartha tuaithe) ([11]).

2. ULLMHÚ DON DÚNADH

2.1. Treoraíocht agus cúnamh

Rachaidh an Coimisiún i ndlúthchomhar leis na Ballstáit chun an treoraíocht agus an cúnamh is gá a sholáthar roimh an dúnadh.

2.2. Sprioc-amanna don iarraidh dheiridh ar athruithe ar na cláir

Déantar na nósanna imeachta agus na sprioc-amanna maidir le leasuithe ar na cláir forbartha tuaithe a shonrú in Airteagal 4 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 808/2014 ón gCoimisiún.

2.2.1 *Airteagal 4(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 808/2014:*

— Maidir le leasuithe ar chláir den chineál dá dtagraítear in Airteagal 11, pointe (a)(i), de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013, ní fhéadfar iad a mholadh níos mó ná ceithre huaire le linn fhad na clárthréimhse.

— Féadfar togra aonair maidir le leasú a chur isteach le haghaidh na teaglama de gach cineál leasuithe eile in aghaidh na bliana féilire agus in aghaidh an chláir, cé is moite de 2025. Is é 2025 an t-aon bhliain ina bhféadfar níos mó ná togra aonair amháin maidir leasú a chur isteach ar choinníoll go mbaineann na leasuithe iomlána go heisiach le hoiriúnú an phlean maoiniúcháin, lena n-áirítear aon athrú a thagann as sin ar an bplean táscaire. Thairis sin, féadfar ceithre thogra breise maidir le leasú, le haghaidh na teaglama de gach cineál leasuithe eile in aghaidh an chláir, a chur isteach le linn na clárthréimhse. Is féidir leis na Ballstáit na tograí breise sin maidir le leasú a úsáid in 2025, murar úsáideadh iad roimhe sin.

2.2.2 *Airteagal 4(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 808/2014:*

— Tá na Ballstáit lena leasú deiridh ar chláir den chineál dá dtagraítear in Airteagal 11, pointe (a)(iii), de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoin 30 Meán Fómhair 2022.

— Tá cineálacha eile leasuithe ar chláir le cur faoi bhráid an Choimisiúin faoin 30 Meán Fómhair 2025.

([9]) Rialachán (AE) 2020/2094 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 lena mbunaítear Ionstraim Théarnamh de chuid an Aontais Eorpaigh chun tacú leis an téarnamh i ndiaidh ghéarchéim COVID-19 (IO L 433I, 22.12.2020, lch. 23, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/2094/oj).

([10]) Airteagal 1 de Rialachán (AE) 2020/2220.

([11]) Le hAirteagal 2(2) de Rialachán (AE) Uimh. 2020/2220 cuireadh síneadh leis an sprioc-am maidir le hincháilitheacht chaiteachas CETFT mar a leagtar síos in Airteagal 65(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013.

2.3. **Dearbhuithe caiteachais ráithiúla a chur isteach roimh an dúnadh**

Tá na Ballstáit le leanúint de dhearbhuithe caiteachais ráithiúla a chur isteach le haghaidh an chaiteachais arna thabhú ag an ngníomhaireacht íocaíochta go dtí an dáta deiridh le haghaidh incháilitheachta maidir le caiteachas i gcomhréir leis an uainiú a leagtar amach in Airteagal 22(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 908/2014. Dá bhrí sin, is é an dearbhú caiteachais ráithiúil deiridh atá le cur faoi bhráid an Choimisiúin an dearbhú caiteachais le haghaidh an cheathrú ráithe de 2025, ar ráithe í nach mór dearbhú caiteachais a chur isteach ina leith faoin 31 Eanáir 2026.

Maidir le hiomlán na n-íocaíochtaí réamh-mhaoiniúcháin agus na n-íocaíochtaí eatramhacha arna n-íoc ag an gCoimisiún i leith an chláir lena mbaineann, níor cheart iad a bheith níos mó ná 95 % de ranníocaíocht iomlán CETFT agus EURI dá bhforáiltear sa chlár lena mbaineann ([12]). Ciallaíonn sé sin go mbeidh ar an gCoimisiún éirí as na dearbhuithe caiteachais ráithiúla a aisíoc nuair a shroichfidh an méid carnach a íocfar le clár forbartha tuaithe 95 % de ranníocaíocht chomhcheangailte iomlán CETFT agus EURI (mar a bhunaítear sa leagan is déanaí den chinneadh lena bhformheastar an clár lena mbaineann).

Nuair a shroichfidh an clár forbartha tuaithe 95 % den ranníocaíocht chomhcheangailte iomlán ó CETFT agus EURI araon, leanfaidh an Coimisiún ar aghaidh le himréiteach an réamh-mhaoiniúcháin i gcás gach dearbhaithe caiteachais ina dhiaidh sin. Déanfar an t-iarmhéid deiridh le haghaidh an chláir lena mbaineann a íoc nó a aisghabháil nuair a dhúnfar an clár.

3. **INCHÁILITHEACHT AN CHAITEACHAIS**

3.1. **An dáta deiridh le haghaidh incháilitheachta maidir le caiteachas agus rialacha ginearálta is infheidhme**

I gcomhréir le hAirteagal 65(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ([13]), is é an 31 Nollaig 2025 an dáta deiridh le haghaidh incháilitheachta maidir le caiteachas, rud a chiallaíonn gur cheart do thairbhí caiteachas a thabhú agus gur cheart an caiteachas sin a íoc roimh an 31 Nollaig 2025. Ina theannta sin, ní bheidh an caiteachas incháilithe le haghaidh ranníocaíocht ó CETFT (agus EURI) ach amháin má íocann an ghníomhaireacht íocaíochta an chabhair ábhartha roimh an 31 Nollaig 2025.

Ceadaítear réamhíocaíochtaí a íoc le haghaidh bearta nach dtagann faoi chóras comhtháite riaracháin agus rialúcháin (neamh-CCRR) ([14]) de bhun Airteagail 42 agus 45 de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013. De réir Airteagal 63 den Rialachán sin, tá réamhíocaíochtaí le hurrú le ráthaíocht bainc nó le ráthaíocht choibhéiseach arna soláthar ag údarás poiblí. Féadfar an ráthaíocht a scaoileadh nuair a shuíonn an ghníomhaireacht inniúil íocaíochta gur os cionn mhéid na réamhíocaíochta atá méid iomlán an chaiteachais iarbhír a chomhfhreagraíonn don rannchuidiú poiblí a bhaineann leis an oibríocht.

Ós rud é gurb é 2025 an bhliain dheireanach de chur chun feidhme an chláir forbartha tuaithe, ní mór do na Ballstáit réamhíocaíochtaí arna n-íoc le tairbhithe agus a bhaineann le tionscadail a tugadh i gcrích faoi chlárthréimhse 2014-2022 a imréiteach.

I gcomhthéacs tabhairt anonn mar a shonraítear i bpointe 3.8 thíos, réamhíocaíochtaí nach mbeidh imréitithe ag Ballstát faoi dheireadh 2025 ba cheart iad a nascadh le tionscadail atá ar siúl faoi láthair a n-áiritheofar an maoiniú lena n-aghaidh faoi Phlean Straitéiseach an Chomhbheartais Talmhaíochta (CBT) 2023-2027 de bhun Airteagal 155(4) de Rialachán (AE) 2021/2115 ([15]).

Aon réamhíocaíocht neamh-imréitithe/neamhúsáidte le haghaidh CETFT 2014-2022 nó le haghaidh EURI nach bhfuil nasctha le tabhairt anonn faoin bPlean Straitéiseach CBT roimh an 31 Nollaig 2025, ní mór í a aisghabháil ón tairbhí chun cosaint leas airgeadais an Aontais a áirithiú. I gcás nach dtionscnaíonn an Ballstát nósanna imeachta aisghabhála le haghaidh na méideanna sin roimh an sprioc-am chun an cuntas deiridh a chur isteach nó chun féincheartú a dhearbhú sna cuntais chríochnaitheacha le haghaidh an mhéid sin, asbhainfidh an Coimisiún na méideanna sin ón iarmhéid deiridh in imréiteach airgeadais an nós imeachta um imréiteach cuntas roimh dhúnadh.

([12]) Airteagal 34(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013.

([13]) Maidir leis an sprioc-am a leagtar síos in Airteagal 65(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, cuireadh síneadh 2 bhliain leis an sprioc-am sin faoi Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2020/2220.

([14]) Liostaítear in Airteagal 67(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 na bearta forbartha tuaithe a chumhdaítear le córas CCRR. Is éard is bearta neamh-CCRR ann, bearta nach liostaítear san airteagal sin.

([15]) Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2115/oj).

Beidh ar an gComhlacht Deimhniúcháin sa Bhallstát ar leith a dheimhniú sa tuarascáil maidir leis na cuntais chríochnaitheacha atá dlite faoin 30 Meitheamh 2026 go n-imréiteofar na réamhíocaíochtaí a íocadh leis na tairbhithe faoin gclárthréimhse 2014-2022, agus nach bhfuil ach réamhíocaíochtaí a bhaineann le tionscadail a bhfuil íocaíochtaí deiridh acu faoin bPlean Straitéiseach CBT le haghaidh na tréimhse 2023-2027 fós gan imréiteach, nó gur thionscain an Ballstát sin na nósanna imeachta aisghabhála is gá.

3.2. **Maoiniú náisiúnta breise**

Níl feidhm ag dáta incháilitheachta an 31 Nollaig 2025 maidir le maoiniú náisiúnta breise. Dá bhrí sin, féadfar íocaíochtaí ó acmhainní náisiúnta breise le tairbhithe an chláir forbartha tuaithe a dhéanamh tar éis an 31 Nollaig 2025.

Féadfaidh na Ballstáit tacú le feirmeoirí trí bhíthin maoiniú náisiúnta breise lasmuigh den chlár forbartha tuaithe i gcomhréir leis na rialacha maidir leis an státchabhair. Maidir le maoiniú náisiúnta breise a chuimsítear i bpleananna forbartha tuaithe faoi Airteagal 82 de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013, ní mór íocaíochtaí a dhéantar tar éis dhúnadh an chláir a bheith faoi réir measúnú státchabhrach ar leithligh. Is faoin mBallstát atá sé an t-údarú sin a fháil roimh ré chun a áirithiú go bhfuil íocaíochtaí le tairbhithe i gcomhréir leis na rialacha maidir leis an státchabhair.

Ina theannta sin, tá na Ballstáit freagrach as a áirithiú go gcomhlíonfaidh tairbhithe a ngealltanais le linn na tréimhse sonraithe, fiú má théann cuid den ghealltanas thar dhúnadh an chláir forbartha tuaithe. Leis sin ceanglaítear ar na Ballstáit na seiceálacha is gá a dhéanamh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 go dtí deireadh na tréimhse gealltanais. Mura gcomhlíontar gealltanais, nó mura gcomhlíontar ina n-iomláine iad, go dtí deireadh na tréimhse gealltanais, ní mór do na Ballstáit na méideanna comhfhreagracha a aisghabháil agus iad a aisíoc le buiséad an Aontais (féach rialacha idirthréimhseacha in Airteagal 104(1), pointe (a)(iv), de Rialachán (AE) 2021/2116 ([16]) agus Airteagal 14, pointe (b), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1173 ón gCoimisiún).

3.3. **Plean airgeadais – caiteachas a chaidhpeáil de réir an bhirt**

Tá sé d'oibleagáid ar an gCoimisiún aon chaiteachas dearbhaithe a chaidhpeáil, ar caiteachas é a théann thar na méideanna atá clársceidealaithe sa phlean airgeadais atá i bhfeidhm maidir le gach beart i gcomhréir le hAirteagal 36(3), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013.

Má dhéantar an caiteachas a chaidhpeáil le haghaidh birt, agus má dhéanann Ballstát athruithe a bhfuil údar cuí leo ar a chlár forbartha tuaithe laistigh de na teorainneacha ama a shonraítear in Airteagal 4 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 808/2014, féadfar an caiteachas eisiata a íoc níos déanaí tar éis don Choimisiún glacadh leis an modhnú ar an gclár forbartha tuaithe (mar a fhoráiltear in Airteagal 23(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 908/2014).

3.4. **Forálacha speisialta a bhaineann le caiteachas le haghaidh oibríochtaí a shonraítear in Airteagal 59(4), pointí (e), (f) agus (g) de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013**

Mínítear sa roinn seo a leanas na forálacha sonracha maidir le caiteachas ar oibríochtaí dá dtagraítear in Airteagal 59(4), pointí (e), (f) agus (g) de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013, ar forálacha iad lena ndéantar foráil maidir le maoluithe ar rátaí ranníocaíochta CETFT a leagtar síos in Airteagal 59(3). Tá feidhm ag na maoluithe sin maidir le cásanna sonracha ina gceadaítear rátaí cómhaoiniúcháin is airde faoi choinníollacha áirithe, lena n-éilítear fíorú agus coigeartuithe féideartha tráth an dúnta chun comhlíonadh na rialacha a áirithiú.

Foráiltear le hAirteagal 59(4), pointe (e), de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 gurb é 100 % an t-uasráta cómhaoiniúcháin le haghaidh oibríochtaí a fhaigheann maoiniú ó chistí arna n-aistriú chuig CETFT i gcur i bhfeidhm Airteagal 136a(1) de Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 agus Airteagal 7(2) agus Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013. Dá bhrí sin, seiceálfar comhlíonadh na forála sin tráth an dúnta. Má théann an caiteachas carnach arna dhearbhú ag an mBallstát thar na méideanna a leithdháiltear mar aistrithe ó chistí eile chuig CETFT, cuirfear ceartú íocaíochta (caidhpeáil) i bhfeidhm.

Foráiltear le hAirteagal 59(4), pointe (f), de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 gurb é 100 % an ráta cómhaoiniúcháin le haghaidh méid EUR 100 milliún (i bpraghsanna 2011) arna leithdháileadh ar Éirinn, le haghaidh méid EUR 500 milliún (i bpraghsanna 2011) arna leithdháileadh ar an bPortaingéil agus le haghaidh méid EUR 7 milliún (i bpraghsanna 2011) arna leithdháileadh ar an gCipir.

([16]) Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1306/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 187, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2116/oj).

Tráth an dúnta, fíorófar an chomhlíontacht le hAirteagal 59(4), pointe (f) de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013. Maidir leis an gcaiteachas carnach iomlán arna dhearbhú ag an Ballstát lena mbaineann le haghaidh na línte buiséadacha ábhartha uile, má sháraíonn sé na méideanna arna leithdháileadh i gcomhréir le hAirteagal 59(4), pointe (f), de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013, ní mór ceartú íocaíochta (caidhpeáil) a chur i bhfeidhm.

Le hAirteagal 59(4), pointe (g), de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013, ceadaíodh do na Ballstáit (an Ghréig agus an Rómáin) a bhfuil cúnamh airgeadais á fháil acu ón 1 Eanáir 2014 i gcomhréir le hAirteagail 136 agus 143 de CFAE ráta ranníocaíochta CETFT a mhéadú 10 bpointe céatadáin ar a mhéad suas le 95 % san iomlán i gcás caiteachas arna thabhú sa chéad 2 bhliain de chur chun feidhme cláir forbartha tuaithe (i.e. go dtí an dara ráithe de 2017 i gcás na Rómáine agus an ceathrú ráithe de 2017 i gcás na Gréige). Mar sin féin, ceanglaítear le hAirteagal 59(4), pointe (g) freisin go ndéanfar an ráta ranníocaíochta CETFT, a bheadh infheidhme gan an maolú sin, a urramú le haghaidh an chaiteachais phoiblí iomláin a dhéanfar le linn na clárthréimhse.

Tráth an dúnta, fíoróidh an Coimisiún go ndearna na Ballstáit ábhartha an maolú sealadach faoi Airteagal 59(4), pointe (g), a chur i bhfeidhm i gceart. Go sonrach, seiceálfaidh an Coimisiún, tar éis tréimhse 2 bhliain, nach sáraíonn an ráta ranníocaíochta a úsáidtear na huasrátaí is infheidhme a leagtar amach in Airteagal 59(3) le haghaidh na clárthréimhse iomláine. Dearbhaítear an chomhlíontacht le hAirteagal 59(4), pointe (g), de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 agus ba cheart ceartuithe a dhéanamh i gcás neamhchomhlíonadh.

3.5. **Rialacha incháilitheachta sonracha is infheidhme maidir le gníomhaíochtaí ionstraimí airgeadais faoi Airteagal 42 de Rialachán (AE) 1303/2013**

I gclárthréimhse 2014-2022 níor bhunaigh údaráis bhainistíochta CETFT ach cistí iasachta agus ráthaíochta. Dá bhrí sin, ní bheidh mionsonraithe sna treoirlínte seo i ndáil le hionstraimí airgeadais cothromais nó cuasachothromais.

Sainítear incháilitheacht chaiteachas na n-ionstraimí airgeadais tráth an dúnta in Airteagal 42 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 (agus sna forálacha ábhartha i Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 480/2014 ón gCoimisiún ([17]), mar a mhínítear sna míreanna seo a leanas). De réir Airteagal 42 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, tráth a dhúntar clár, is éard a bheidh i gcaiteachas incháilithe na hionstraime airgeadais méid iomlán na rannchuidithe cláir atá íoctha iarbhír ag an ionstraim airgeadais nó, i gcás ráthaíochtaí, atá geallta ag an ionstraim airgeadais laistigh den tréimhse incháilitheachta, a chomhfhreagraíonn dóibh seo a leanas:

(a) íocaíochtaí le faighteoirí deiridh, agus sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 37(7) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, íocaíochtaí dá dtairbhíonn faighteoirí deiridh;

(b) acmhainní atá geallta do chonarthaí ráthaíochta, bídís gan íoc nó in aibíocht cheana féin, chun glaonna ráthaíochta féideartha ar chaillteanais a urramú, arna ríomh ar bhonn measúnú riosca *ex ante* stuama, lena gcumhdaítear méid iolrach iasachtaí bunúsacha nua nó ionstraimí rioscúla eile le haghaidh infheistíochtaí nua i bhfaighteoirí deiridh;

(c) fóirdheontais ráta úis nó fóirdheontais táillí ráthaíochta caipitlithe, atá dlite le híoc ar feadh tréimhse nach faide ná 10 mbliana tar éis na tréimhse incháilitheachta, agus a úsáidtear in éineacht le hionstraimí airgeadais, arna n-íoc isteach i gcuntas eascró a cuireadh ar bun go sonrach chun na críche sin, agus atá le híoc iarbhír tar éis na tréimhse incháilitheachta, ach i leith iasachtaí nó ionstraimí rioscúla eile arna n-íoc le haghaidh infheistíochtaí i bhfaighteoirí deiridh laistigh den tréimhse incháilitheachta;

(d) na costais bhainistíochta a tabhaíodh a aisíoc nó táillí bainistíochta na hionstraime airgeadais a íoc.

Ní féidir ach caiteachas arna thabhú i gcomhréir le hAirteagal 42 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 a mheas mar chaiteachas incháilithe. Ní gá go mbeadh infheistíochtaí ó na faighteoirí deiridh curtha i gcrích.

Acmhainní cláir a gealladh don ionstraim airgeadais sa chomhaontú cistiúcháin agus/nó a íocadh leis an ionstraim airgeadais, ach nár eisíocadh le faighteoirí deiridh nó nár cuireadh i leataobh le haghaidh conarthaí ráthaíochta le haghaidh na n-iasachtaí foluiteacha a íocadh, etc., ní caiteachas incháilithe iad.

([17]) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 480/2014 an 3 Márta 2014 ón gCoimisiún lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe, leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh (IO L 138, 13.5.2014, lch. 5, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2014/480/2019-05-30).

Tá an tréimhse incháilitheachta agus tréimhse chur isteach na gcuntas deiridh ina dhiaidh sin faoi réir na bhforálacha idirthréimhseacha a leagtar amach in Airteagal 1 agus in Airteagal 2(1) den Rialachán Idirthréimhseach.

I gcás iasachtaí, comhfhreagraíonn an caiteachas incháilithe do na hacmhainní cláir a íocadh iarbhír leis na faighteoirí deiridh mar a luaitear le hAirteagal 42 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013. Maidir le hacmhainní cláir a gealladh sna conarthaí le faighteoirí deiridh agus nár íocadh, níl siad incháilithe. Ina theannta sin, is caiteachas incháilithe iad fóirdheontais úis, fóirdheontais táillí ráthaíochta agus tacaíocht theicniúil arna n-íoc chun tairbhe faighteoirí deiridh le linn na tréimhse incháilitheachta.

Maidir le ráthaíochtaí, acmhainní cláir a gealladh do chonarthaí ráthaíochta níl siad incháilithe ach amháin má íocadh na hiasachtaí foluiteacha nó ionstraimí rioscúla eile leis na faighteoirí deiridh. Maidir le méid beartaithe na n-iasachtaí nua nó na n-ionstraimí um chomhroinnt riosca eile mura bhfuil sin íoctha ag an idirghabhálaí airgeadais nó ag an eintiteas a thairbhíonn de na ráthaíochtaí le faighteoirí deiridh, laghdófar an caiteachas incháilithe go comhréireach (mar a fhoráiltear in Airteagal 8, pointe (d), de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 480/2014).

Baineann incháilitheacht an chaiteachais mar a shainítear in Airteagal 42(1), pointe (c), leis an gcás ina gcomhcheanglaítear deontais agus ionstraimí airgeadais in aon oibríocht amháin mar a shainítear in Airteagal 37(7) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013. Ní mór na comhaontuithe cistiúcháin ábhartha a chur san áireamh sna ríomhanna freisin mar a cheanglaítear le hAirteagal 11 de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 480/2014 ón gCoimisiún.

Cuimsítear na nithe seo a leanas sa mhéid atá le híoc le cuntas eascró:

(a) na hoibleagáidí íocaíochta lascainithe i gcás fóirdheontais úis nó fóirdheontais táillí ráthaíochta caipitlithe ar feadh tréimhse nach faide ná 10 mbliana tar éis na tréimhse incháilitheachta, agus/nó

(b) na costais bhainistíochta lascainithe agus táillí atá le híoc tar éis na tréimhse incháilitheachta ar feadh tréimhse 6 bliana, i gcás micrichreidmheasa.

D'fhéadfadh éagsúlacht a bheith sa chur chuige chun an méid atá le híoc isteach i gcuntas eascró a bhunú, fad agus atá réasúnaíocht shoiléir ann maidir le rogha na modheolaíochta. Féadfaidh na Ballstáit (i) an cur chuige maoinithe tionscadail a leanúint agus 4 % a úsáid mar a mholtar i gcás oibríochtaí a ghineann glanioncam (Airteagal 19 de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 480/2014 ón gCoimisiún), nó (ii) na bunrátaí arna socrú ag an gCoimisiún a chur i bhfeidhm. ([18])

Déantar foráil le hAirteagal 42(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 maidir le heisceacht i ndáil le micrichreidmheas. Costais nó táillí bainistíochta caipitlithe atá dlite le híoc ar feadh tréimhse nach faide ná 6 bliana tar éis na tréimhse incháilitheachta, i leith infheistíochtaí i bhfaighteoirí deiridh a tharla laistigh den tréimhse incháilitheachta, agus nach féidir a chumhdach le hAirteagail 44 nó 45, féadfar a mheas gur caiteachas incháilithe iad nuair a íoctar isteach i gcuntas eascró iad a cuireadh ar bun go sonrach chun na críche sin. Ina theannta sin, de réir Airteagal 14(1), (2) agus (4) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 480/2014, ní mór na costais agus na táillí bainistíochta caipitlithe atá le haisíoc mar chaiteachas incháilithe i gcomhréir le hAirteagal 42(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 a ríomh ag deireadh na tréimhse incháilitheachta mar iomlán na gcostas agus na dtáillí bainistíochta lascainithe atá le híoc tar éis na tréimhse incháilitheachta le haghaidh na tréimhse a leagtar síos in Airteagal 42(2) den Rialachán sin, agus i gcomhréir leis na comhaontuithe cistiúcháin ábhartha. Costais agus táillí bainistíochta caipitlithe atá le híoc tar éis na tréimhse incháilitheachta i gcomhair ionstraim airgeadais lena soláthraítear micrichreidmheas, is costais agus táillí iad nár cheart dul thar 1 % in aghaidh na bliana de na ranníocaíochtaí cláir a íoctar leis na faighteoirí deiridh de réir bhrí Airteagal 42(1), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 i bhfoirm iasachtaí, atá fós le haisíoc leis an ionstraim airgeadais, arna ríomh *pro rata temporis* ó dheireadh na tréimhse incháilitheachta go dtí go n-aisíoctar an infheistíocht, ag deireadh an nós imeachta aisghabhála i gcás mainneachtana, nó go dtí deireadh na tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 42(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, cibé acu is túisce. Aon acmhainn atá fágtha sa chuntas eascró tar éis na tréimhse dá dtagraítear faoi Airteagal 42(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, nó mar thoradh ar fhoirceannadh gan choinne na hionstraime airgeadais roimh dheireadh na tréimhse sin, is acmhainn í nach mór a úsáid i gcomhréir le hAirteagal 45 den Rialachán céanna sin.

Acmhainní athinfheistithe arna dtabhairt ar ais nó ráthaíochtaí arna scaoileadh ní féidir iad a dhearbhú mar chaiteachas incháilithe, i.e. cistí a thagann faoin dara timthriall infheistíochta agus faoi na timthriallta ina dhiaidh sin.

([18]) Leagtar amach an mhodheolaíocht sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le hathbhreithniú an mhodha chun na rátaí tagartha agus lascaine a shocrú (2008/C 14/02) (IO C 14, 19.1.2008, lch. 6). Foilsítear na bunrátaí anseo: https://competition-policy.ec.europa.eu/system/files/2023-12/reference_rates_base_rates2024_1_croatia_eurozone.pdf.

Thairis sin, meastar gur caiteachas neamh-incháilithe tráth an dúnta iad acmhainní maidir le bainistiú cistí, arb acmhainní iad arna n-infheistiú de bhun Airteagal 43 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013. Maidir le hús a ghnóthófar ar íocaíochtaí ón gclár forbartha tuaithe leis an ionstraim airgeadais, arb íocaíochtaí iad atá inchurtha i leith ranníocaíocht Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa (SIE), baineann sé le bainistiú cistí acmhainní an chláir forbartha tuaithe a íoctar leis an ionstraim airgeadais. Tráth dúnta an chláir forbartha tuaithe, ba cheart aon cheann de na méideanna sin nár úsáideadh i gcomhréir le hAirteagal 43 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 a asbhaint ón gcaiteachas incháilithe.

Má tá ús glan diúltach ann, is féidir é a chumhdach ó na hacmhainní arna dtabhairt ar ais de réir Airteagal 44(1), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013.

I ngach cás, ba cheart don Údarás Bainistíochta taifid a choinneáil ar bun.

Rialaítear íocaíocht an iarmhéid deiridh le hAirteagal 41(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013.

Maidir le hacmhainní a athúsáid tar éis dheireadh na tréimhse incháilitheachta, beidh feidhm ag Airteagal 45 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013.

Sa tréimhse atá fágtha go dtí an dúnadh, ní fhéadfaidh na Ballstáit agus na hÚdaráis Bhainistíochta ranníocaíochtaí a tharraingt siar ó chláir leis na hionstraimí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 38(1), pointí (a) agus (c), agus ó na hionstraimí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 38(1), pointe (b), arna gcur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 38(4), pointí (a), (b) agus (c), de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ach amháin murar cuireadh na ranníocaíochtaí le hiarratas ar íocaíocht cheana dá dtagraítear in Airteagal 41 den Rialachán sin.

3.6. **Tabhairt anonn idirghabhálacha faoin gcóras comhtháite riaracháin agus rialúcháin (CCRR) ó chláir forbartha tuaithe 2014-2022 chuig Pleananna Straitéiseacha CBT 2023-2027**

Faoi Airteagal 155(3) de Rialachán (AE) 2021/2115, gealltanais arna dtabhú faoi na bearta ilbhliantúla a shonraítear in Airteagail 22, 28, 29, 33, agus 34 de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 (a chomhfhreagraíonn do bhearta 8.1, 10, 11, 14, agus 15 de na cláir forbartha tuaithe), féadfar iad a thabhairt anonn chuig idirghabhálacha de bhun Airteagal 70 de Rialachán (AE) 2021/2116 den Phlean Straitéiseach CBT (CETFT). Ina theannta sin, le hAirteagal 155(5) de Rialachán (AE) 2021/2115 ceadaítear do ghealltanais faoi Airteagail 28 agus 29 de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 (bearta 10 agus 11 de na cláir forbartha tuaithe) tacaíocht a fháil ó CERT (éiciscéimeanna) sa Phlean Straitéiseach CBT, ar choinníoll go gcomhlíonann na gealltanais sin coinníollacha sonracha, amhail incháilitheacht le haghaidh 'éiciscéimeanna de chineál b' faoi Airteagal 31(7), an chéad fhomhír, pointe (b).

Tá feidhm ag ceanglais nua choinníollachta maidir le caiteachas a thugtar anonn ó ghealltanais leanúnacha an chláir forbartha tuaithe chuig Plean CBT a chisteofar ó bhuiséad Phlean CBT (2023-2027). Le hAirteagal 48 de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013, ceadaítear d'fheirmeoirí tarraingt siar ó na gealltanais sin mura n-aontaíonn siad leis na coinníollacha nua, amhail na coinníollacha sin a bhaineann le coinníollacht.

3.6.1. *Íocaíochtaí ar feadh Clárthréimhsí*

Níor cheart réamhíocaíochtaí a íoc faoin gclár forbartha tuaithe agus íocaíochtaí deiridh á socrú faoi Phleananna CBT ach amháin i gcásanna eisceachtúla agus ar bhealach teoranta a rialaítear le hAirteagal 155 de Rialachán (AE) 2021/2115.

Ós rud é go ndéantar foráil le hAirteagal 155 maidir le hincháilitheacht caiteachais áirithe a tabhaíodh sna clárthréimhsí roimhe seo ar choinníoll go gcuimsítear an caiteachas sin sna Pleananna CBT agus go n-urramaítear leis rialacha an chreata reachtaigh nua, d'fhéadfadh athrú suntasach a bheith ann do thairbhithe i dtaca leis na rialacha a bhaineann lena n-oibleagáidí chomh maith leis na rialacha maidir le seiceálacha agus rialuithe i gcás bearta faoi chóras comhtháite riaracháin agus rialúcháin (CCRR). Dá bhrí sin, trí íocaíochtaí le haghaidh gealltanas aonair ó dhá chlárthréimhse a chomhcheangal, ar clárthréimhsí iad arna rialú le creataí dlíthiúla ar leith, cruthaítear castacht riaracháin nach beag d'Údaráis Bhainistíochta agus do thairbhithe araon agus ba cheart an chastacht sin a sheachaint a mhéid is féidir.

Chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí cistiúcháin a d'fhéadfadh a bheith ann agus chun seachaint a dhéanamh ar an gcastacht a bhaineann le tacair éagsúla rialacha a chur i bhfeidhm maidir leis an gcaiteachas a thabhaítear sa dá chlárthréimhse, féadfaidh na Ballstáit féidearthachtaí eile a fhiosrú, amhail imchlúdach airgeadais an chláir forbartha tuaithe a ath-leithdháileadh nó maoiniú náisiúnta breise a úsáid ('breisiú') chun a áirithiú gur féidir íocaíochtaí deiridh a phróiseáil faoin gclár forbartha tuaithe.

Ba cheart do na Ballstáit a choinneáil i gcuimhne freisin maidir leis na costais a thabhaíonn tairbhithe nach bhfuil na costais sin incháilithe faoi Phleananna CBT ach amháin má thabhaítear iad ón 1 Eanáir 2023 (Airteagal 86(4) de Rialachán (AE) 2021/2115).

3.6.2. *Coinníollacht agus Seiceálacha maidir le Tras-Chomhlíonadh*

Tar éis an tsimplithe a rinneadh le déanaí ar Airteagal 83(2) de Rialachán (AE) 2021/2116 (arna leasú le Rialachán (AE) 2024/1468 ([19])), tá feirmeoirí ag a bhfuil uasmhéid gabháltais nach mó ná 10 ha díolmhaithe ó rialuithe coinníollachta. Dá bhrí sin, níl siad faoi réir an chórais rialuithe maidir le coinníollacht agus ar an gcúis sin níl na feirmeoirí sin díolmhaithe ó rialuithe a bhaineann le tras-chomhlíonadh i gcomhréir le hAirteagal 104(1), an dara fomhír, pointe (a)(iv), de Rialachán (AE) 2021/2116. Is é sin le rá, feirmeoirí a bhfuil uasmhéid gabháltas nach mó ná 10 ha acu, tá siad faoi réir rialuithe a bhaineann le tras-chomhlíonadh nuair atá an tacaíocht ábhartha á fáil acu ó phleananna forbartha tuaithe.

Roimh an leasú a rinneadh le déanaí ar Airteagal 104(1), an dara fomhír, pointe (a)(iv), de Rialachán (AE) 2021/2116, leagadh síos le hAirteagal 12 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1172 rialacha idirthréimhseacha lena laghdaítear róchostais riaracháin agus ualaí riaracháin iomarcacha a bhaineann le seiceálacha ar thairbhithe áirithe, faoi réir tras-chomhlíonadh agus coinníollachta an tráth céanna. I gcás tairbhithe a fhaigheann íocaíochtaí limistéarbhunaithe, leis an riail in Airteagal 12 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1172 teorannaíodh na seiceálacha do cheanglais choinníollachta agus dóibh sin amháin. Ní raibh an oibleagáid chomhfhreagrach maidir le tras-chomhlíonadh le seiceáil ach amháin i gcás inar bhfuarthas amach nár comhlíonadh ceanglais choinníollachta. Mar sin féin, tar éis an leasaithe ar Airteagal 104(1), an dara fomhír, pointe (a)(iv) de Rialachán (AE) 2021/2116, ní gá na hoibleagáidí comhfhreagracha sin maidir le tras-chomhlíonadh a sheiceáil i gcásanna nár comhlíonadh ceanglais choinníollachta (toisc gur aisghaireadh Airteagail 96 agus 97 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013).

3.7. **Tabhairt anonn idirghabhálacha neamh-CCRR ó chláir forbartha tuaithe 2014-2022 chuig Pleananna Straitéiseacha CBT 2023-2027**

De bhun Airteagal 155(4) de Rialachán (AE) 2021/2115, caiteachas a bhaineann le gealltanais dhlíthiúla do thairbhithe arna dtabhú faoi na bearta a luaitear san Airteagal sin ([20]), féadfaidh an caiteachas sin a bheith incháilithe do ranníocaíocht CETFT faoi na Pleananna Straitéiseacha CBT faoi na coinníollacha seo a leanas:

— a) tabhaíodh an caiteachas tar éis an 31 Nollaig 2025 (tuigtear gurb éard is caiteachas arna thabhú ann caiteachas a thabhaigh an ghníomhaireacht íocaíochta) agus b) déantar foráil maidir leis an gcaiteachas sa Phlean Straitéiseach CBT i gcomhréir le rialacha Rialachán (AE) 2021/2115, cé is moite d'Airteagal 73(3), an chéad fhomhír, pointe (f), agus c) comhlíonann an caiteachas Rialachán (AE) 2021/2116;

— tá feidhm ag ráta ranníocaíochta CETFT na hidirghabhála a bhunaítear sa Phlean Straitéiseach CBT i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/2115 chun na bearta sin a chumhdach.

Sa chomhthéacs sin, tuigtear gurb é is gealltanais dhlíthiúla ann gealltanais do na tairbhithe, gealltanais ar cinntí deontais nó gníomhartha riaracháin eile iad arna nglacadh ag an údarás náisiúnta as a n-eascraíonn ionchais dhlisteanacha an tairbhí.

Féadfaidh na Ballstáit an caiteachas a tugadh anonn a chuimsiú ina bPleananna Straitéiseacha CBT ([21]), trí idirghabháil ar leithligh a phleanáil nó tríd an gcaiteachas sin a chuimsiú in idirghabháil atá ann cheana le haonadmhéid ar leithligh. Ba cheart an caiteachas a tugadh anonn a léiriú sa phlean airgeadais. Déanfaidh an Coimisiún Eorpach é sin a fhormheas ansin i gcomhthéacs leasú ar an bPlean Straitéiseach CBT.

([19]) Rialachán (AE) 2024/1468 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/2115 agus (AE) 2021/2116 a mhéid a bhaineann le caighdeáin maidir le dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil, scéimeanna aeráide, comhshaoil agus leasa ainmhithe, leasuithe ar Phleananna Straitéiseacha CBT, athbhreithniú ar Phleananna Straitéiseacha CBT agus díolúintí ó rialuithe agus pionóis (IO L, 2024/1468, 24.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1468/oj).

([20]) Tá na hAirteagail seo a leanas i gceist: Airteagail 14 go 18, Airteagal 19(1), pointí (a) agus (b), agus Airteagail 20, 23 go 27, 35, 38, 39 agus 39a de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013, Airteagal 35 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 agus Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2020/2220.

([21]) De réir struchtúr Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2289 ón gCoimisiún an 21 Nollaig 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cur i láthair ábhar na bPleananna Straitéiseacha CBT agus maidir leis an gcóras leictreonach um malartú slán faisnéise, pointí 5(d) agus (e) go háirithe (IO L 458, 22.12.2021, lch. 463, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/2289/oj).

Caiteachas a bhaineann le gealltanais le haghaidh infheistíochtaí i mbonneagar mórscála, atá incháilithe faoi Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ach nach bhfuil incháilithe faoi na Pleananna Straitéiseacha CBT de bhun Airteagal 73(3), an chéad fhomhír, pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/2115, is féidir an caiteachas sin a chuimsiú sa Phlean Straitéiseach CBT chun críche tabhairt anonn, agus chun na críche sin amháin. Déantar foráil maidir leis an eisceacht sin in Airteagal 155(4), pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/2115. Dá bhrí sin, ní féidir idirghabháil den sórt sin a úsáid le haghaidh gealltanais nua faoin bPlean Straitéiseach CBT ach ní féidir í a úsáid ach amháin chun na gealltanais atá fágtha agus a rinneadh faoin gclár forbartha tuaithe a mhaoiniú. Is féidir é sin a dhéanamh trí idirghabháil ar leithligh a phleanáil sa Phlean Straitéiseach CBT nó trí ghníomhaíocht/fo-idirghabháil a phleanáil, laistigh d'idirghabháil atá ann cheana, lena ndéantar foráil maidir le maoiniú na hinfheistíochta i mbonneagar mórscála ar cuireadh tús leis faoin gclár forbartha tuaithe.

Maidir le caiteachas a thabhairt anonn, ar caiteachas é a bhaineann le gealltanais i gcomhthéacs LEADER, is féidir sin a dhéanamh de bhun Airteagal 155(4) de Rialachán (AE) 2021/2115. Mar sin féin, ós rud é go mbaineann LEADER le tionscadail arna gcur chun feidhme ag Grúpaí Gníomhaíochta Áitiúla i gcomhthéacs straitéisí forbartha áitiúla a formheasadh faoi Phleananna Forbartha Tuaithe 2014-2022, ar tionscadail iad nach mór a bheith críochnaithe faoi dheireadh na clárthréimhse, ba cheart an tabhairt anonn sin a theorannú agus a nascadh le himthosca sonracha a bhfuil údar cuí leo.

I bprionsabal, le hAirteagal 155(4) de Rialachán (AE) 2021/2115 ceadaítear gach cineál tacaíochta LEADER a thabhairt anonn (lena n-áirítear gníomhaíochtaí ullmhúcháin). Mar sin féin, sa chleachtas, baineann tabhairt anonn sin na ngealltanas go príomha le tionscadail a bhfuil gealltanais dhlíthiúla acu faoi fhobheart 19.2 den chlár forbartha tuaithe (Tacaíocht chun oibríochtaí a chur chun feidhme faoin Straitéis Forbartha Áitiúil faoi Stiúir an Phobail), i gcás nach féidir, ar chúiseanna a bhfuil údar cuí leo, tionscadail shonracha a chríochnú roimh dheireadh 2025, d'ainneoin go raibh sé beartaithe ar dtús go gcríochnófaí iad in am. Mar sin féin, tá na Ballstáit le faisnéis a sholáthar ina bPlean Straitéiseach CBT faoi chórais bhainistíochta agus rialaithe maidir le híocaíochtaí agus rialuithe na dtionscadal sin.

Moltar do na Ballstáit de ghnáth méideanna na ngealltanas tabhairt anonn a theorannú a mhéid is féidir agus na glaonna a chur in oiriúint don chuid den bhuiséad atá fós ar fáil faoi na cláir forbartha tuaithe d'fhonn na tionscadail a chur chun feidhme roimh dheireadh 2025. Mar sin féin, chun an úsáid is fearr is féidir a bhaint as na cistí atá ar fáil agus chun an riosca a bhaineann le buiséad CETFT/EURI nár úsáideadh a íoslaghdú, tá sé inghlactha leibhéal áirithe ró-áirithinte agus tabhairt anonn féideartha a bheith ann, fad agus a chomhlíontar coinníollacha Airteagal 155(4) de Rialachán (AE) 2021/2115.

3.8. **Ús a ghintear leis an réamh-mhaoiniú**

Mar a cheanglaítear le hAirteagal 35(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, tá an Coimisiún leis an méid iomlán réamh-mhaoiniúcháin a imréiteach sa chinneadh maidir le himréiteach cuntas sula ndúnfar an clár forbartha tuaithe. Chuige sin, an t-ús arna ghiniúint ar an réamh-mhaoiniú a fuair na Ballstáit, iarrtar orthu sin a sheoladh chuig an gclár forbartha tuaithe agus é a bhaint de mhéid an chaiteachais phoiblí a léirítear ar an dearbhú caiteachais críochnaitheach.

4. **DOICIMÉID UM DHÚNADH A CHUR ISTEACH**

4.1. **Doiciméid atá le soláthar ag na Ballstáit le haghaidh an dúnta**

Imréitíonn an Coimisiún cuntais na ngníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe gach bliain ([22]). Dá bhrí sin, bunófar dúnadh cláir ar chuntais bhliantúla na mblianta airgeadais uile as a chéile (2015-2025) agus ar na cinntí comhfhreagracha maidir le himréiteach airgeadais.

De réir Airteagal 7(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, ní mór dearbhú bainistíochta arna shíniú ag an duine atá i gceannas ar an ngníomhaireacht íocaíochta chreidiúnaithe a bheith ag gabháil le cuntais bhliantúla gníomhaireachta íocaíochta creidiúnaithe. I gcomhréir le hAirteagal 9(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, a léitear in éineacht le hAirteagal 5(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 908/2014, tá an comhlacht deimhniúcháin le tuairim a thabhairt maidir le hiomláine, cruinneas agus fírinneacht chuntais bhliantúla na gníomhaireachta íocaíochta, maidir le feidhmiú cuí chóras rialaithe inmheánaigh na gníomhaireachta íocaíochta agus maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an chaiteachais ar iarr an Coimisiún aisíocaíocht ina leith. Tá an comhlacht deimhniúcháin leis an tuairim sin a dhréachtú ar bhonn na bprionsabal agus na modhanna iniúchóireachta a leagtar amach in Airteagail 6 agus 7 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 908/2014. Ní mór tuarascáil lena ndéantar na ráitis a cheanglaítear faoi Airteagal 5(4) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 908/2014 a bheith mar thacaíocht leis an tuairim sin. Mionsonraí maidir le hinneachar chuntais bhliantúla na gníomhaireachta íocaíochta, leagtar amach iad in Airteagal 29 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 908/2014.

([22]) Airteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013.

Sonróidh an Coimisiún an fhaisnéis atá le cur isteach ag na Ballstáit i ndáil le dúnadh chlárthréimhse CETFT 2014-2022 (imréiteach na gcuntas bliantúil deiridh) agus bunóidh sé treoirlínte sonracha ina mbeidh treoraíocht do chomhlachtaí deimhniúcháin na mBallstát maidir leis an iniúchadh deimhniúcháin agus an tuairisciú atá le déanamh le haghaidh dhúnadh chlárthréimhse CETFT 2014-2022 ([23]).

I gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, ní féidir clár a dhúnadh ach amháin tar éis an tuarascáil bhliantúil deiridh ar dhul chun cinn maidir leis an gcur chun feidhme a fháil (i.e. an tuarascáil bhliantúil ar chur chun feidhme).

4.2. **Sprioc-am chun doiciméid um dhúnadh a chur isteach**

Is é an **30 Meitheamh 2026** (Airteagal 75(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013) an sprioc-am chun an tuarascáil bhliantúil deiridh ar chur chun feidhme a chur isteach.

Na doiciméid is gá chun na cuntais a bhaineann le bliain airgeadais 2025 a imréiteach, ba cheart iad a sheoladh chuig an gCoimisiún faoin 15 Feabhra 2026 ([24]). Cumhdaítear le gach bliain airgeadais caiteachas arna thabhú ag na gníomhaireachtaí íocaíochta ón 16 Deireadh Fómhair (n-1) go dtí an 15 Deireadh Fómhair (n). Ina theannta sin, i gcás na bliana deiridh forghníomhúcháin (an 16 Deireadh Fómhair 2024 go dtí an 31 Nollaig 2025), tá na Ballstáit leis na cuntais lena gcumhdaítear an caiteachas arna thabhú go dtí an 31 Nollaig 2025 a chur faoi bhráid an Choimisiúin, tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis an dáta deiridh incháilitheachta, i.e. faoin 30 Meitheamh 2026 ([25]).

Mura mbeidh na doiciméid thuasluaite curtha faoi bhráid an Choimisiúin ag an mBallstát faoin 30 Meitheamh 2026, déanfar an t-iarmhéid a shaoradh go huathoibríoch ([26]).

4.3. **Doiciméid a athrú i ndiaidh an spriocdháta lena gcur isteach**

Go ginearálta, ní bheidh cead ag an mBallstát modhnú a dhéanamh ar aon cheann de na doiciméid a liostaítear faoi phointe 4.2 tar éis an sprioc-am a bhaineann lena gcur isteach, mura n-iarrfaidh an Coimisiún é tar éis soiléirithe le linn an phróisis réitigh, ach amháin chun botúin chléireachais a cheartú.

Arna iarraidh sin don Choimisiún, nó ar thionscnamh an Bhallstáit, féadfar tuilleadh faisnéise maidir le himréiteach cuntas a sheoladh chuig an gCoimisiún laistigh de thréimhse a chinnfidh an Coimisiún, agus an méid oibre is gá chun an fhaisnéis sin a chur ar fáil á chur san áireamh. In éagmais na faisnéise sin, féadfaidh an Coimisiún na cuntais a imréiteach ar bhonn na faisnéise atá ina sheilbh aige ([27]).

I gcásanna a bhfuil údar cuí leo, féadfaidh an Coimisiún glacadh le hiarraidh ar fhaisnéis a chur isteach go déanach, má fhaightear an iarraidh sin roimh an sprioc-am chun an fhaisnéis a chur isteach ([28]).

4.4. **Infhaighteacht doiciméad** ([29])

Na doiciméid tacaíochta maidir leis an gcaiteachas a maoiníodh agus na hioncaim shannta atá le bailiú ag CETFT (lena n-áirítear EURI) ní mór iad a choimeád ar fáil don Choimisiún ar feadh 3 bliana ar a laghad tar éis na bliana ina ndearna an ghníomhaireacht íocaíochta an íocaíocht deiridh.

I gcás neamhrialtachtaí nó faillí, ní mór na doiciméid tacaíochta a choimeád ar fáil don Choimisiún ar feadh 3 bliana ar a laghad tar éis na bliana ina n-aisghabhtar ina n-iomláine na méideanna ón tairbhí agus ina gcreidiúnaítear iad le CETFT (lena n-áirítear EURI) nó ina gcinntear iarmhairtí airgeadais na neamh-aisghabhála faoi Airteagal 54(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013.

I gcás nós imeachta imréitigh comhréireachta dá bhforáiltear in Airteagal 52 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, ní mór na doiciméid tacaíochta, cé is moite de chásanna neamhrialtachta, a choimeád ar feadh 1 bhliain ar a laghad tar éis na bliana inar dúnadh an nós imeachta sin le ceartú airgeadais nó gan ceartú airgeadais nó, má tá cinneadh comhréireachta faoi réir imeachtaí dlíthiúla os comhair na Cúirte Breithiúnais, ar feadh 1 bhliain ar a laghad tar éis na bliana ina ndúntar na himeachtaí sin.

([23]) Treoirlínte maidir leis an Iniúchadh Deimhniúcháin ar Chuntais CERT/CETFT – Ceanglais Tuairiscithe agus Tuairimí arna n-eisiúint ag an gComhlacht Deimhniúcháin.
([24]) Airteagal 30(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 908/2014.
([25]) Airteagal 37(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013.
([26]) Airteagal 37(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013.
([27]) Airteagal 30(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 908/2014.
([28]) Airteagal 30(4) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 908/2014.
([29]) Airteagal 32 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 908/2014.

Féadfar na doiciméid tacaíochta a choimeád i bhfoirm páipéir, i bhfoirm leictreonach nó sa dá fhoirm.

Ní fhéadfar doiciméid a choimeád i bhfoirm leictreonach amháin ach amháin má cheadaítear le dlí náisiúnta an Bhallstáit lena mbaineann doiciméid leictreonacha a úsáid mar fhianaise ar na hidirbhearta foluiteacha in imeachtaí cúirte náisiúnta.

Má choimeádtar na doiciméid i bhfoirm leictreonach amháin, ní mór don chóras atá i bhfeidhm chun é sin a dhéanamh, ní mór dó pointe 3(B) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127 a chomhlíonadh.

5. NA CLÁIR A DHÚNADH

5.1. Imréiteach cuntas

An cinneadh deiridh maidir le himréiteach cuntas a tháinig roimh dhúnadh cláir forbartha tuaithe, beidh sé bunaithe ar an doiciméadacht chéanna (Airteagal 29 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 908/2014) amhail aon chinneadh bliantúil is luaithe maidir le himréiteach ach beidh amlíne éagsúil aige agus bainfidh sé le 5 'ráithe' in ionad 4 ráithe.

Leis an gcinneadh deiridh maidir le himréiteach cuntas a tháinig roimh an dúnadh, cinnfear na méideanna caiteachais a rinneadh sa Bhallstát le linn na tréimhse ón 16 Deireadh Fómhair 2024 go dtí an 31 Nollaig 2025, méideanna a bheidh inmhuirir i leith CETFT bunaithe ar na cuntais dá dtagraítear in Airteagal 29 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 908/2014. Leis an gcinneadh deiridh maidir le himréiteach cuntas, cinnfear freisin an caiteachas incháilithe le haghaidh na n-ionstraimí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 42(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 agus aon laghdú agus fionraí faoi Airteagail 41 agus 42 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013.

Mar thoradh ar an gcinneadh maidir le himréiteach cuntas, déanfar an méid atá in-aisghabhála ón mBallstát nó atá iníoctha leis a bhunú trí na híocaíochtaí eatramhacha i leith na tréimhse ón 16 Deireadh Fómhair 2024 go dtí an 31 Nollaig 2025 a asbhaint ón gcaiteachas a aithnítear a bheith inmhuirir i leith an Chiste le haghaidh na tréimhse céanna. Mar sin féin, nuair a bhaineann an réamh-mhaoiniú agus na híocaíochtaí eatramhacha 95 % de ranníocaíocht iomlán CETFT agus EURI amach (féach pointe 2.3 de na Treoirlínte seo), cuirfidh an Coimisiún tús le himréiteach réamh-mhaoiniúcháin ag gach dearbhú caiteachais ina dhiaidh sin. Sa chás sin, bunófar an méid is in-aisghabhála nó is iníoctha trí na híocaíochtaí eatramhacha i leith na tréimhse ón 16 Deireadh Fómhair 2024 go dtí an 31 Nollaig 2025 agus an méid réamh-mhaoiniúcháin arna imréiteach le haghaidh na tréimhse lena mbaineann a asbhaint ón gcaiteachas a aithnítear a bheith inmhuirir i leith an Chiste le haghaidh na tréimhse céanna.

Déanfaidh an Coimisiún torthaí a scrúdaithe ar na cuntais a chur in iúl don Bhallstát, mar aon le haon leasú a mholann sé, laistigh de 3 mhí tar éis dó na cuntais chríochnaitheacha a fháil.

Más rud é, ar chúiseanna atá inchurtha i leith an Bhallstáit, nach mbeidh an Coimisiún in ann na cuntais a imréiteach laistigh de 4 mhí tar éis dó na cuntais sin a fháil, tabharfaidh an Coimisiún fógra don Bhallstát faoi na fiosrúcháin bhreise a bhfuil sé beartaithe aige tabhairt fúthu.

5.2. An t-iarmhéid dúnta a ríomh

Sa chinneadh maidir le himréiteach cuntas dá dtagraítear i bpointe 5.1 de na Treoirlínte seo, an t-iarmhéid a bheidh le híoc nó le haisghabháil tráth a dhúntar clár forbartha tuaithe, déanfaidh an Coimisiún an t-iarmhéid sin a ríomh agus a ionchorprú freisin. Mar sin féin, ba cheart a thabhairt faoi deara nach féidir an clár a dhúnadh ná ní féidir an t-iarmhéid a íoc má tá cuntais bhliantúla ann do bhlianta airgeadais roimhe sin atá fós gan imréiteach tar éis an chinnidh maidir le himréiteach le haghaidh na bliana forghníomhúcháin deireanaí.

Aon ordú aisghabhála arna eisiúint ag an gCoimisiún atá fós le déanamh, déanfar é a fhritháireamh ó íocaíocht an iarmhéid deiridh.

I gcás ina bhfuil coigeartuithe airgeadais déanta ag Ballstát, tar éis a rialuithe, agus i gcás inar aisghabh sé na méideanna comhfhreagracha, ní mór dó na méideanna a ath-leithdháileadh ar an gclár lena mbaineann. I gcomhréir le hAirteagal 56 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, ní mór méideanna den mhaoiniú ón Aontas faoi CETFT a chuirtear ar ceal agus méideanna arna n-aisghabháil, chomh maith leis an ús ar na méideanna sin, a ath-leithdháileadh ar an gclár lena mbaineann. Dá bhrí sin, méideanna arna n-aisghabháil ó neamhrialtachtaí a bhaineann le clárthréimhse 2014-2022, ní féidir iad a úsáid chun oibríochtaí faoin bPlean Straitéiseach CBT a chistiú, nó ní féidir iad a ath-leithdháileadh ar oibríochtaí/tionscadail a bhí faoi réir coigeartú airgeadais ([30]). Tráth a dhúntar clár forbartha tuaithe, ní mór na méideanna nár athúsáid an Ballstát a thabhairt ar ais do bhuiséad an Aontais agus dá bhrí sin bainfear den iarmhéid deiridh iad.

([30]) Airteagal 56 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013.

Tráth a dhúnfar clár forbartha tuaithe, cuirfidh an Coimisiún san áireamh freisin an tuarascáil bhliantúil dheireanach ar dhul chun cinn maidir le cur chun feidhme cláir forbartha tuaithe dá dtagraítear in Airteagal 75 de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013. Cuirfidh an Coimisiún an Ballstát ar an eolas laistigh de 5 mhí faoi thorthaí a scrúdaithe ar an tuarascáil sin ([31]).

Aon íocaíocht atá fós le híoc agus a laghdaíodh nó a cuireadh ar fionraí faoi Airteagail 41 agus 42 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, cuirfidh an Coimisiún san áireamh í san iarmhéid dúnta tríd an íocaíocht deiridh a laghdú leis na méideanna laghduithe agus fionraíochtaí sin.

Cuirfidh an Coimisiún an Ballstát ar an eolas i scríbhinn faoina mholadh maidir leis an iarmhéid a íoc nó a aisghabháil.

Tugtar sampla de ríomh an iarmhéid deiridh i dTábla 1 de na Treoirlínte seo.

5.3. **Laghduithe toisc nár urramaíodh an spriocdháta íocaíochta tráth dhúnadh an chláir**

An fíorú maidir le hurramú an sprioc-ama íocaíochta deiridh le haghaidh na n-íocaíochtaí leis na tairbhithe faoi chláir forbartha tuaithe roimh dhúnadh cláir forbartha tuaithe, bunófar é ar na forálacha céanna (Airteagal 75(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 agus Airteagal 5a de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 907/2014) le gach beart bliantúil maidir le sprioc-am íocaíochta, ach beidh uainiú difriúil aige, ar an gcuma chéanna leis an gcinneadh deiridh maidir le himréiteach cuntas.

Ní athrófar ríomh na tairsí 5 % dá dtagraítear in Airteagal 5a(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 907/2014 le haghaidh na bliana cur chun feidhme deireanaí, i.e. cuirfear na ráithí seo a leanas san áireamh sa tréimhse chúlchiste: R3 2024 go dtí R2 2025. Caithfear le R3 agus R4 2025 mar ráithí íocaíochta déanaí agus ní athrófar an cúlchiste leo.

Maidir leis an ríomh deireanach den laghdú ar spriocdhátaí íocaíochta le haghaidh clár ar leith, beidh sé bunaithe ar 5 ráithe seachas ar 4 ráithe i.e. cuirfear R4 2025 san áireamh.

5.4. **Íocaíocht an iarmhéid**

Íocfaidh an Coimisiún an t-iarmhéid, ach na hacmhainní a bheith ar fáil, tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis an trátha a mheastar na cuntais bhliantúla dheireanacha agus an tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn a bheith infhaighte, agus tar éis na cuntais bhliantúla uile a bheith imréitithe. ([32]) Tá íocaíocht an iarmhéid deiridh sin gan dochar d'aon chinneadh comhréireachta a dhéanfar níos déanaí tar éis clár a dhúnadh.

5.5. **Saoradh**

An chuid sin de na gealltanais bhuiséadacha atá fós oscailte ar an dáta deiridh incháilitheachta maidir le caiteachas (31 Nollaig 2025) agus nach ndearna an Ballstát dearbhú caiteachais ina leith faoin 30 Meitheamh 2026, déanfaidh an Coimisiún an chuid sin a shaoradh go huathoibríoch ([33]).

Tar éis dó an t-iarmhéid a íoc, déanfaidh an Coimisiún aon ghealltanas oscailte atá fós le híoc a shaoradh laistigh de 6 mhí tar éis an dúnta ([34]).

De réir Airteagal 15(1) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ('an Rialachán Airgeadais') ([35]), féadfar leithreasuithe arna saoradh a chur ar fáil arís i gcás fadhb shoiléir a bheith inchurtha i leith an Choimisiúin, agus ina leith sin amháin.

([31]) Airteagal 50(7) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013.
([32]) Airteagal 37(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013.
([33]) Airteagal 38(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013.
([34]) Airteagal 37(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013.
([35]) Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012. Aisghaireadh an Rialachán sin le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509. Mar sin féin, de bhun Airteagal 277(4) den rialachán céanna, leanfaidh Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046, ar rialachán é aisghaireadh, d'fheidhm a bheith aige maidir le gealltanais dhlíthiúla a rinneadh roimh theacht i bhfeidhm Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509. De bhun Airteagal 76 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 maidir leis na gealltanais dhlíthiúla sna cláir forbartha tuaithe, tá feidhm fós ag Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 dá bhrí sin.

6. **DUALGAIS I NDIAIDH AN DÚNTA**

6.1. **Obair leantach maidir le híocaíochtaí neamhdhlite a bhraitear tar éis na doiciméid um dhúnadh a chur isteach**

An fhreagracht íocaíochtaí neamhdhlite a aisghabháil, ní thagann deireadh leis an bhfreagracht sin tráth a dhúntar clár forbartha tuaithe, ach ní mór do na Ballstáit féachaint le haon íocaíocht neamhdhlite a braitheadh tar éis dhúnadh na gclár a aisghabháil i gcás inar íocadh cistí de chuid an Aontais leis na tairbhithe, de réir Airteagal 59(1), pointe (e), de Rialachán (AE) 2021/2116 ([36]).

Ní mór na méideanna lena mbaineann a thuairisciú don Choimisiún i gcomhréir le hIarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 908/2014 agus leis an tábla '50/50', chun críocha Airteagal 54(2), an chéad agus an dara fomhír, agus Airteagal 54(3), an dara fomhír de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013.

Tá Airteagal 54 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 infheidhme maidir leis na nósanna imeachta aisghabhála atá ann faoi láthair agus maidir leis na nósanna imeachta aisghabhála atá le tionscnamh a mhéid a bhaineann leis na méideanna a íocadh go míchuí a eascraíonn as clárthréimhse CETFT 2014-2022.

Féadfaidh Ballstát a chinneadh stop a chur leis an nós imeachta aisghabhála, i gcásanna ina bhfuil na costais a tabhaíodh níos airde ná an méid atá le haisghabháil mar a shonraítear in Airteagal 54(3), pointe (a), de Rialachán 1306/2013, nó nuair nach féidir an aisghabháil a dhéanamh mar gheall ar dhócmhainneacht an fhéichiúnaí nó an duine atá freagrach go dlíthiúil as an neamhrialtacht, ar dócmhainneacht í a chláraítear agus a aithnítear faoin dlí náisiúnta, mar a shonraítear in Airteagal 54(3), pointe (b), de Rialachán 1306/2013.

Na méideanna atá le gearradh ar na Ballstáit i ndáil leis na cásanna neamhrialtachta atá fós gan réiteach, ar cásanna iad a thiocfaidh faoin riail 50/50 ([37]) tar éis an chinnidh maidir le dúnadh, beidh siad le haisíoc le buiséad an Aontais ar bhonn bliantúil.

6.2. **Imréiteach comhréireachta tar éis an dúnta**

Maidir le dúnadh cláir forbartha tuaithe, ní dhéanann sé réamhbhreithiúnas ar aon chinneadh maidir le himréiteach comhréireachta a dhéanfar ina dhiaidh sin, ar cinneadh é lena bhféadfaí méideanna a chuimsiú a bheidh le gearradh ar an mBallstát tar éis don Choimisiún iniúchtaí a dhéanamh.

6.3. **Measúnú ar an gcreat feidhmíochta tráth an dúnta**

In 2026 déanfar an measúnú i dtaobh ar baineadh amach sprioc dheiridh chreat feidhmíochta an Chláir Forbartha Tuaithe, agus sin bunaithe ar an Tuarascáil Bhliantúil Deiridh ar Chur Chun Feidhme. Sa mheasúnú sin, fionnann Coimisiún a mhéid a baineadh na spriocanna deiridh amach agus sainaithníonn sé aon mhainneachtain thromchúiseach maidir leis na spriocanna sin a bhaint amach.

Ciallaíonn mainneachtain thromchúiseach i dtaca le tosaíocht faoi chreat feidhmíochta a bhaint amach go bhfuil ráta gnóthachtála sprice nó spriocanna (i gcás ina bhfuil níos mó ná dhá sprioc in aghaidh na tosaíochta) faoi bhun céatadán áirithe mar a shainítear in Airteagal 6 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 215/2014 ón gCoimisiún. Thairis sin, maidir le mainneachtain thromchúiseach a shuí i dtaca le tosaíocht a bhaint amach, tá sé faoi réir roinnt coinníollacha carnacha mar a fhoráiltear in Airteagal 22(7) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013. Sular féidir leis an gCoimisiún mainneachtain thromchúiseach a shuí i dtaca le tosaíocht a bhaint amach, ní mór dó a shuí gurb é is cionsiocair leis an mainneachtain thromchúiseach laige a bheith sa chur chun feidhme agus ní mór dó sin a chur in iúl don Údarás Bainistíochta, arb údarás é nach mór deis a thabhairt dó gníomh ceartaitheach a dhéanamh.

Féadfaidh an Coimisiún ceartú airgeadais a chur i bhfeidhm i gcás mainneachtain thromchúiseach arna suí maidir le tosaíocht faoi chreat feidhmíochta, ach ní bheidh sé d'oibleagáid air déanamh amhlaidh.

Ní chuirfidh an Coimisiún ceartuithe airgeadais i bhfeidhm i gcás inarb ann don mhainneachtain tosaíocht faoi chreat feidhmíochta a bhaint amach i ngeall ar an tionchar atá ag imthosca socheacnamaíocha nó comhshaoil, i ngeall ar athruithe móra ar dhálaí eacnamaíocha nó comhshaoil sa Bhallstát lena mbaineann nó i ngeall ar chúiseanna *force majeure* a dhéanann difear mór do chur chun feidhme na dtosaíochtaí lena mbaineann ([38]).

([36]) Sean-Airteagal 58(1)(e) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013.
([37]) Airteagal 54(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013.
([38]) Airteagal 22(7) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013.

TÁBLA 1: Sampla de ríomh an iarmhéid deiridh

Ríomh an iarmhéid deiridh le haghaidh clár forbartha tuaithe
I - **Urraim an phlean airgeadais in aghaidh an bhirt a fhíorú:**
a) Caiteachas iomlán a dearbhaíodh i ndearbhuithe bliantúla chlárthréimhse 2014-2022
b) Coigeartuithe
c) Lúide caidhpeáil iomlán ar leibhéal an bhirt
II - **Asbhaint méideanna a íocadh cheana leis an gclár forbartha tuaithe:**
a) Réamh-mhaoiniú a íocadh
b) Íocaíochtaí eatramhacha
= An tIarmhéid Deiridh atá dlite
- Fionraíocht/idirbhristeacha
= AN tIARMHÉID DEIRIDH atá le híoc nó le haisghabháil